An Bhruiséil, an 27 Samhain 2009

Sna treoirlínte polaitiúla don Choimisiún nua a chuir mé faoi bhráid na Parlaiminte Eorpaí i mí Mheán Fómhair, mhínigh mé go bhfuil flúirse deiseanna ar fáil san Eoraip faoi láthair. Sa chéad chúig bliana eile, ba cheart dúinn a bheith ar ár ndícheall ag réiteach na hEorpa méadaithe do thodhchaí rathúil inbhuanaithe. Is cúis mhór áthais dom go mbeidh tú linn sa Choimisiún ag cuidiú linn chun ár gclár oibre do 2020 a bhaint amach ar scáth na dtreoirlínte sin.

Is é an Coimisiún a spreagann iarrachtaí an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na laethanta romhainn agus chun Conradh Liospóin a chur chun sochair dúinn. Tá Coimisiún láidir polaitiúil idirghníomhach de dhíth ar an Eoraip, ceann a thabharfaidh treoir don Eoraip chun an obair seo a chur chun cinn.

**Punann an Choimisinéara um Thaighde agus Nuálaíocht**

Coimisinéir a bheidh ionat a bheidh freagrach as Taighde agus Nuálaíocht. Díreach mar a tharla san am seo a chuaigh thart, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú ar chúrsaí agus go mbeadh orm amharc in athuair ar na punanna le linn an tsainordaithe agus freagrachtaí a athrú dá réir.

As measc na gcúraimí a bheidh ort, ba cheart duit tús áite a thabhairt do dhul chun cinn a dhéanamh i bhforbairt an Limistéir Eorpaigh Taighde (ERA). Ar na gníomhaíochtaí sonracha a chuirfidh leis sin, tá comhar a neartú laistigh den AE, acmhainní daonna agus airgeadais a chomhthiomsú ar fud an AE, agus an cúigiú saoirse, is é sin saorghluaiseacht eolais, smaointe agus taighdeoirí, a chur chun cinn:

- Tusa a bheidh ar thús cadhnaíochta agus an "Cúigiú Saoirse" á tabhairt i gcrann. Ba cheart don Limistéar Eorpach Taighde coinníollacha tarraingteacha agus rialachas éifeachtach a sholáthar chun taighde a dhéanamh san Eoraip. Ba cheart dó saorghluaiseacht taighdeoirí, eolais, smaointe agus teicneolaíochta a áirithiú ar fud na hEorpa freisin.

- Iarraim ort freisin cur chuige leathan a bheith agat i ndáil leis an nuálaíocht.

Máire GEOGHEGAN-QUINN
Coimisinéir ainmnithe

- Ceist rí-thábhachtach is ea é comhordú gníomhaíochtaí náisiúnta taighde agus gníomhaíochtaí taighde ar leibhéal an AE. Ba cheart dúinn oibriú i dtreo speisialtóireachta, bunaithe ar láidreachtaí agus sármhaitheas aitheanta. Chuige sin, iarraim ort an comhordú idir gníomhaíochtaí an AE agus gníomhaíochtaí náisiúnta/réigiúnacha a fheabhsú ionas go mbeimid ábalta sochair a bhaint as mórscála an AE.
- Ullmhóidh tú an creat beartais a bheidh ann amach anseo do bheartas taighde agus forbartha an AE, go háirithe an chéad Chreatchlár eile (FP8).
- Ceann de na príomhchúraimí a bheidh ort is ea éifeachtúlacht na tacaíochta a thugann an AE do thaighde eolaíoch a mhéadú, trí na sásraí maoinithe atá ann cheana a chuíchóiriú agus a shimpliú agus tríd an gcreat institiúideach agus rialála reatha a oiriúnú.

Beidh AS an Taighde mar chuidiú leat agus na freagrachtaí seo á gcomhlíonadh agat, mar aon leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde agus na gníomhaireachtaí Eorpacha seo a leanas: Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA), an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde (REA) agus roinnt comhghnóthas. Chun comhsheasmhacht le punanna eile a chinntiú, cuirfear bainistiú Chlár Marie Curie (aonaid RTD T.2 agus T.3) faoi chúram AS an Oideachais agus an Chultúir.

**Ag obair le chéile mar Choláiste**

Agus mé i mo Uachtarán, tá mé meáite ar a áirithiú gurb é croílár polaitiúil an Choimisiúin é Coláiste na gCoimisinéirí. Is ionann Coláiste a bheith ann agus an deis a bheith ag gach duine ann a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht, agus go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar an uile dhuine nuair a ghlactar tionscnaimh. Foireann is ceart a bheith sa Choimisiún, a oibríonn go héifeachtach chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a chinntiú i mbeartais an Choimisiúin. Stiúrfaidh mé cruinnithe agus díospóireachtaí treoraíochta go rialta chun tograí tábhachtacha nó trasghearrtha a phlé le linn na céime ullmhúcháin, lena áirithiú go bhfaightear ionchur ábhartha ó na Coimisinéirí ar fad. Oibreoidh mo Cabinet, an Ardrúnaíocht agus an tSeirbhís Dlí go dlúth le do Cabinet agus le do sheirbhísí chun an cur chuige seo a thabhairt i gcrann. Mar atá a fhios agat, agus de réir an Chonartha, is é an tUachtarán ráthóir na coláisteachta.

Tá éifeachtúlacht agus creidiúnacht an Choimisiúin ag brath ar cháilíocht ár dtáirgeachta, ár ngairmiúlachta agus ár measa ar ardchaighdeáin eitice na seirbhíse poiblí. Tá gá, mar sin, le dian-chlár oibre rialála cliste, lena dtugtar aird ar phrionsabal na coimhdeachta agus ar phrionsabal na comhréireachta agus lena ndírítear ar na réimsí inar féidir linn breisluach soiléir a bhaint amach. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar bhainistíocht fhónta airgeadais agus géilleadh go hiomlán don Chód Iompair do Bhaill an Choimisiúin Eorpaigh. Ciallaíonn sé sin freisin, ar ndóigh, nach mór dúinn a bheith dírithe i gcónaí ar ár misean sáraitheach chun leas coiteann na hEorpa a chur chun cinn agus a chosaint. Bunóidh mé na treoirlínte faoina n-oibreoidh an Coimisiún agus déanfaimid iad a phlé níos iomláine ag ceann dár seimineáir atá ar na bacáin.

Le bheith éifeachtach ní mór don Choimisiún dul i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na hinstitiúidí eile, go háirithe le Parlaimint na hEorpa. Leagtar amach róil na n-institiúidí go soiléir i gConradh Liospóin. Mar atá a fhios agat, de réir an Chonartha, "áiritheoidh [an Coimisiún] go gcuirfear i bhfeidhm na Conarthaí agus na bearta a ghlacfaidh na hinstitiúidí de bhun na gConarthaí." De thoradh an Chonartha, beidh gné nua ag baint lenár gcaidreamh le parlaimintí náisiúnta freisin.

Ba mhaith liom leibhéal nua a bhaint amach maidir lenár gcomhpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa. Dá bhrí sin, ní mór do gach ball den Choimisiún aird pholaitiúil agus am a infheistiú. Dlúthchuid de fhreagrachtaí Coimisinéirí is ea freastal ar sheisiúin iomlánacha agus cruinnithe coiste na Parlaiminte, agus tá baint dhíreach aige sin le cuntasacht agus dlisteanacht an Choimisiúin ina iomláine.

Is é an chéad deis a bheidh againn tús a chur leis an bpróiseas sin ná nuair a ghlacfaidh tú páirt in éisteachtaí leis an gcoiste parlaiminteach a bhaineann le hábhar do phunainne féin. Ceann de bhunchlocha chuntasacht dhaonlathach an Choimisiúin is ea é sin: ní amháin gur deis atá ann a bhfuil tú ag iarraidh a bhaint amach faoi do phunann a leagan amach ach is féidir leat freisin an tuiscint atá agat ar ról an Choimisiúin agus ar oibleagáidí an Choimisiúin a chur in iúl.

Tá a fhios agam ón taithí a fuair mé le linn mo chéad sainordaithe gur féidir linn tairbhí móra a sholáthar do shaoránaigh na hEorpa ach an Coimisiún a bheith dírithe ar na príomhdhúshláin atá roimh an Eoraip agus a bheith ag obair as lámha a chéile. Tá mé ag tnúth go mór le bheith ag obair leat chun dea-thodhchaí a bhaint amach don AE.

José Manuel BARROSO